Dáta an Leagain seo den Fhoirm: 19/08/2015

RFG 1

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Iarratas ó thoghthóirí atá faoi choinneáil i bPríosún de bhun ordú cúirte chun a n-ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe

Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.

Cuid A – Mionsonraí faoin Iarratasóir

Ainm: **(bloclitreacha)**	
[Cuir isteach mionsonraí eile, le do thoil, amhail Mór, Beag, ainm eile nó túslitir, má tá duine eile ag a bhfuil an túsainm nó an sloinne céanna cláraithe ag an seoladh céanna.]	
Seoladh Baile Reatha[1]: **(bloclitreacha)**	
Eircode:	☐☐☐☐☐☐☐
Seoladh díreach roimh phríosúnú (más éagsúil ón seoladh thuas): **(bloclitreacha)**	
Eircode:	☐☐☐☐☐☐☐
Dáta Breithe:	

Dearbhú agus Iarratas

Dearbhaím leis seo gur dóigh, de bhua imthosca mo choinneála i bpríosún, nach mbeidh mé in ann dul i bpearsa ar an lá vótaíochta chun vóta a chaitheamh i stáisiún vótaíochta. Déanaim iarratas leis seo m'ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe.

Síniú nó marc an Iarratasóra	
Dáta:	
Ainm agus Seoladh an Phríosúin: **(bloclitreacha)**	
Eircode:	☐☐☐☐☐☐☐

[1] An seoladh mar a luaitear é ar chlár na dtoghthóirí a mbeifeá ag cónaí ann faoi láthair mura mbeifeá i bpríosún. Beidh tú in ann vótáil d'iarrthóirí sa toghcheantar ina bhfuil an seoladh seo lonnaithe.

Cuid B – Deimhniú ó Oifigeach Ábhartha an Phríosúin[2]

Ní mór an chuid seo a chomhlánú maidir le gach iarratas.

Deimhním leis seo go bhfuil an t-iarratasóir thuasainmnithe faoi choinneáil i bpríosún faoi láthair de bhun ordú cúirte agus gur dóigh, de bhua imthosca a choinneála/a coinneála, nach mbeidh sé/sí in ann dul i bpearsa ar an lá vótaíochta chun vóta a chaitheamh i stáisiún vótaíochta.

Síniú an Oifigigh Ábhartha:		Stampa an Phríosúin
Ainm an Oifigigh Ábhartha: **(bloclitreacha)**		
Céim/Teideal:		
Uimhir an Oifigigh Ábhartha:		
Fón:		
Dáta:		

[2] Is ionann an "tOifigeach Ábhartha" agus an Gobharnóir nó duine arna cheapadh aige/aici chun clárú a dhéanamh agus dualgais eile a bhaineann le vótáil.

NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM RFG 1

Iarratas ó thoghthóirí atá faoi choinneáil i bpríosún de bhun ordú cúirte chun a n-ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe

1. Is é is cuspóir don fhoirm seo an bealach a réiteach do vótálaithe a bhfuil a n-ainm ar chlár na dtoghthóirí cheana féin agus vótálaithe nach bhfuil a n-ainm san áireamh ar an gclár agus atá ag déanamh iarratais a n-ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann leis an gclár (RFA4) agus ar dóigh ina leith nach mbeidh siad in ann dul i bpearsa chuig stáisiún vótaíochta ar an lá vótaíochta i dtoghchán nó i reifreann mar gheall ar imthosca a gcoinneála i bpríosún de bhun ordú cúirte, agus ar mian leo a n-ainm a áireamh san fhorlíonadh mar phostvótálaithe.

Cé nach bhfuil aon srianta ann i dtaobh cathain a fhéadfar an fhoirm a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an údarás clárúcháin (Comhairle Cathrach, Comhairle Contae nó Comhairle Cathrach agus Contae) sa limistéar ina bhfuil tú cláraithe, is é atá sa dáta deiridh a nglacfaidh údarás clárúcháin le hiarratas ainm a áireamh san fhorlíonadh a ghabhlann le liosta na bpostvótálaithe ná dhá lá tar éis dháta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin agus dhá lá tar éis an t-ordú maidir leis an lá vótaíochta a dhéanamh i gcás toghchán agus reifreann eile.

2. Ní mór duit, má éilítear sin, a bheith ábalta an t-údarás clárúcháin a shásamh go raibh gnáthchónaí ort sa Stát sula ndeachaigh tú chun príosúin. Mura bhfuil tú ar chlár na dtoghthóirí cheana féin, ní mór duit Foirm RFA a chomhlánú freisin, nó i ndiaidh an 25 Samhain in aon bhliain áirithe, Foirm RFA 4 le bheith curtha san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann leis an gClár.

3. **An Fhoirm Iarratais a Chomhlánú**

Ní mór duit Cuid A den fhoirm a chomhlánú. Ní mór duit d'ainm iomlán a thabhairt agus do sheoladh reatha, an Eircode san áireamh, mar atá siad ar chlár na dtoghthóirí (i.e. an áit a mbeifeá ag cónaí ann mura mbeifeá i bpríosún). Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus

cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn. (Má bhí seoladh eile agat díreach sula ndeachaigh tú isteach sa phríosún, is ceart duit an seoladh seo a thabhairt freisin.) Beidh tú in ann, dá bhrí sin, ábalta vóta a chaitheamh d'iarrthóirí i do thoghcheantar féin. Ní mór duit ainm agus seoladh an phríosúin a thabhairt freisin le gur féidir an páipéar ballóide a sheoladh chugat. **Tá sé tábhachtach go gcuirfidh tú síniú nó marc agus dáta ar an bhfoirm iarratais le go mbeidh sé bailí.**

4. An tIarratas a Dheimhniú

Nuair a bheidh Cuid A den fhoirm comhlánaithe agat, is ceart duit í a thabhairt d'oifigeach ábhartha an phríosúin le Cuid B a chomhlánú – má bhíonn an t-oifigeach sin sásta, deimhneoidh sé/sí ar an bhfoirm gur dóigh, de bhua imthosca do choinneála i bpríosún, nach mbeidh tú in ann dul i bpearsa ar an lá vótaíochta chun vóta a chaitheamh i stáisiún vótaíochta.

5. An fhoirm iarratais a chur ar ais tríd an bpost

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe déanfaidh an t-oifigeach ábhartha socrú í a sheoladh chuig an údarás clárúcháin iomchuí.

6. Cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin?

Má fhaigheann an t-údarás clárúcháin d'iarratas roimh an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais (25 Samhain) agus má bhíonn sé sásta go bhfuil tú incháilithe chun tú a áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe agus go bhfuil d'iarratas comhlánaithe mar is cuí agus dearbhú reachtúil ag dul leis, mar is iomchuí, cuirfear d'ainm san fhorlíonadh ghabhann le liosta na bpostvótálaithe. D'fhéadfadh faisnéis nó doiciméid bhreise a bheith de dhíth ón údarás clárúcháin chun cinneadh a dhéanamh maidir le d'incháilitheacht chun tú a áireamh sa liosta. Má lorgaíonn údarás clárúcháin aon fhaisnéis nó doiciméid bhreise agus má shonraíonn dáta faoina gcaitear iad a chur ar fáil, measfar d'iarratas a bheith tarraingthe siar sa chás nach gcuirtear ar fáil iad sa tréimhse ama a sonraíodh.

Cuirfidh an t-údarás clárúcháin a gcinneadh ar d'iarratas in iúl duit agus, má dhiúltaítear dó, tabharfar na cúiseanna leis an diúltú duit.

7. Bealach Vótála

Déanfar páipéar ballóide agus foirm dearbhaithe céannachta a chur chuig toghthóirí a bhfuil a n-ainm san áireamh i liosta na bpostvótálaithe nó san san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe mar gheall ar imthosca a gcoinneála roimh an lá vótaíochta. D'fhonn vóta a chaitheamh, beidh ort an clúdach litreach a seoladh chugat, an páipéar ballóide gan marc air agus dearbhú céannachta a chur faoi bhráid an oifigigh ábhartha sa phríosún. Beidh ort an dearbhú céannachta a chomhlánú agus a shíniú (nó marc a chur air) os comhair an oifigigh ábhartha, a bheidh mar fhinné don dearbhú, má tá sé/sí sásta i ndáil le do chéannacht, agus a chuirfidh stampa an phríosúin ar an dearbhú céannachta. Féadfaidh tú ansin an páipéar ballóide a mharcáil (faoi rún), é a chur sa chlúdach don pháipéar ballóide, na doiciméid ar fad a chur sa chlúdach, é a shéalú agus a shíneadh chuig an oifigeach cuí a dhéanfaidh socruithe é a sheoladh chuig an gceann comhairimh a luaithe agus is féidir.

8. Scaoileadh saor ón bpríosún, etc.

Má cheadaítear d'iarratas d'ainm a áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe ní ceadmhach duit vótáil ach tríd an bpost amháin. Mura bhfuil tú sa phríosún níos mó agus má tá d'ainm fós ar an liosta, ní ceadmhach duit vótáil ag stáisiún vótaíochta mura scríobhfaidh tú chuig an údarás clárúcháin agus iarrraidh air d'ainm a bhaint den liosta. Ní mór sin a dhéanamh laistigh den thréimhse áirithe roimh toghchán nó reifreann (i.e. 2 lá tar éis dháta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin nó 2 lá tar éis an t-ordú maidir leis an lá vótaíochta a dhéanamh i gcás corrthoghcháin Dála, toghcháin Uachtaráin, Eorpach nó áitiúil nó reifreann).

Má tá tú fós, áfach, ar an bhforlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe lá toghcháin nó reifrinn agus sa chás is go bhfuil am ann sin a dhéanamh, féadfaidh an ceann comhairimh seoladh eile a chur ar an gclúdach (ina bhfuil an páipéar ballóide srl) agus é a sheoladh chugat ag do sheoladh baile ar an gclúdach a cuireadh ar ais chuig na húdaráis phríosúin a fháil. Sna hiomthosca sin, féadfaidh tú vóta a chaitheamh ag stáisiún Gardaí ar an tslí chéanna a le

postvótálaithe eile. (Chun sin a dhéanamh, beidh ort dul i bpearsa chuig stáisiún Gardaí Síochána agus an clúdach atá dírithe chugat, an páipéar ballóide neamh-mharcáilte agus an dearbhú céannachta a thabhairt ar aird chomhalta den Gharda Síochána. Iarrfar ort an dearbhú céannachta a shíniú nó a mharcáil os comhair an Gharda agus é a shíneadh chuig an nGarda. Más deimhin leis an nGarda cé tú féin, déanfaidh sé nó sí an dearbhú a fhianú agus é a stampáil le stampa stáisiún an Gharda Síochána. Féadfaidh tú ansin an páipéar ballóide a mharcáil (faoi rún), é a chur sa chlúdach don pháipéar ballóide, na doiciméid ar fad a chur sa chlúdach, é a shéalú agus an clúdach sin a chur ar ais sa phost chuig an gceann comhairimh.
Má aistríodh tú chuig príosún eile, féadfaidh na húdaráis phríosúin an clúdach a sheoladh chugat chuig an bpríosún nua áit a mbeidh tú in ann vóta a chaitheamh. Mura bhfuil tú i bpríosún a thuilleadh, féadfaidh siad an clúdach a chur chuig an gceann comhairimh a chuirfidh ar aghaidh chuig do sheoladh baile é nuair is cuí.

9. Is cion é mainneachtain aon fhaisnéis a theastaíonn ón údarás clárúcháin chun críche a ndualgas a thabhairt don údarás nó don chláraitheoir sin nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.

I gcás ina scoireann toghthóir a bhfuil a ainm/hainm san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe de bheith cáilithe chun a ainm/hainm a bheith san áireamh san fhorlíonadh sin (níl sa phríosún níos mó agus dá bhrí sin níl incháilithe vóta a chaitheamh tríd an bpost), is ceart dó nó di an méid sin a chur in iúl don údarás clárúcháin.